# Ceardlann 6: Fhíorbhochtaineacht

**Acmhainni atá de dhith:**
- cur i láthair a sé (ar fáil chun íoslódáil ar shuíomh TFS)
- moll mor páipéar A4 agus bata gliú d'achan grúpa

**Intreoir agus achoimhre**
An cuimhin leat cad é a d'fhoghlaim muid an t-am deireanach? Cad iad an dá sórt bochtaineachta? Cad iad na riachtanais bhunúsacha? Cad é an vóta a bhí againn an uair dheireanach? D'iarr mé oraibh fáil amach cén sórt airgid atá acu san Ind? *An rúipí.*

**Ag déanamh réidh don cluiche**
(Déan an rang a roinnt agus tabhair dath d'achan ghrúpa. Mínigh daofa gur clann i Kolkata san Ind atá in achan ghrúpa.) Tá éileamh mór ar mhálaí páipéar . (Mínigh daofa na rialacha. Caithfidh siad an méid is mó málaí páipéar a dhéanamh agus a dhíol taobh istigh de fiche bomaite agus a thig leo agus a bheith beo ar an airgead a shaothraíonn siad.)
(Taispeáin daofa an dóigh is fearr le mála páipéir a dhéanamh agus ansin iarr orthu tús a chur lena ndéanamh. Bain úsáid as sleamhnán a trí.)
Gach uair atá deich mála déanta acu, tógann duine go dtí an siopa iad agus leanann na daoine eile ar aghaidh lena ndéanamh.
(Déanann an siopadóir (an múinteoir / an cúntóir) iad a scrúdú le bheith cinnte go bhfuil siad déanta mar is ceart agus íocann sé deich rúipí ar gach deich mála. Scríobh méid na rúipithe d'achan grúpa ar an chlár.)

**Cluiche: ag athrú na rialacha le linn an cluiche a imirt.**
- Tá barraíocht mála ag an siopadóir agus tá sé ag ísliú an phraghas a íocann sé as na málaí; anois tá costas rúipí amháin ar chúig mhála déag.
- Níl go leor málaí ag an siopadóir agus mar sin de tá sá ag ardú an méid a íocann sé. Gheobhaidh siad dhá rúipí ar deich mála nó rúipí amháin ar chúig mhála. (Smaointe deas é seo nó caithfidh ar a laghad grúpa amháin sé rúipí is fiche a fháil in aghaidh an lae.)

**Cad é atá i gceist leis an obair seo le fírinne?**
(Faigh amach cá mhéad rúipí a dtig leo a shaothrú taobh istigh d'uair a chloig agus in aghaidh an lae. Déan sin a roinnt idir na páistí sa ghrúpa agus faigh amach cad is féidir leo a cheannach. Scríobh na freagraí ar an chlár bán nó ar an bhosca teasc ar an PowerPoint).

**Pointí lé plé**
Cá mhéad grúpaí a shaothraigh go leor lena gcoinneáil beo? Cad is féidir linn a fhoghlaim faoin saol san Ind as seo? Ar oibrigh sibh go crua?
(Abair leo nár oibrigh siad ach ar feadh cúig bomaite is fiche agus bheadh orthu obair ar feadh deich n-uair sa lá agus seacht lá sa tseachtain.)
Cé acu is fearr - faigheann tú airgead as na málaí nó íoctar ar obair uaire thú?
Má deir siad gurbh fhearr na málaí iarr orthu an íocann siad thú agus tú tinn. Más mian leat cupán tae? Má théann tú go dtí an leithreas ?
Dá mbeadh an vóta (ceardlann a cúig) agat arís an mbeadh an rogha céanna agat?